C/2024/6317

21.10.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11758 – VANDEN AVENNE / ALCOGROUP / IGPC)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/6317)

1. An 14 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Alcogroup SA ('Alcogroup', an Bheilg),

— Groep Vanden Avenne Commodities NV ('Vanden Avenne', an Bheilg),

— Integrated Grain Processors Co-operative Inc. ('IGPC', Ceanada).

Gheobhaidh Alcogroup agus Vanden Avenne rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc, ar IGPC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Dáileann Alcogroup bitheatánól le haghaidh feidhmeanna breosla agus tionsclaíocha san Eoraip.

— Soláthraíonn Vanden Avenne bunábhair glasra (lena n-áirítear bunábhair glasra próiseáilte) chuig earnálacha na beatha, an bhia agus an bhithbhreosla in LEE. Tá Vanden Avenne gníomhach freisin i stóráil gráin.

— Forbraíonn agus soláthraíonn IGPC bitheatánól chun críocha breosla agus seachtháirgí (amhail CO2 agus beatha ainmhithe). Tá láithreán táirgthe amháin ag IGPC i gCeanada, agus is i gCeanada go príomha a dhíoltar na hearraí a tháirgeann sé.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

3. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11758 – VANDEN AVENNE / ALCOGROUP / IGPC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË